- I gcomparáid leis an iomlán don bliaín 2015, bhí laghdú 26% ann ar líon na gcomhdúchán Paitinní lántéarmacha náisiúnta a fuarthas le linn na bliana 2016 (ó 203 cinn go 149 gcinn). Bhí laghdú 42% ann ar líon na n-iarratas ar phaitinní gearrthéarmacha a fuarthas sa bliaín i gcomparáid leis an mbliain 2015 freisin (ó 237 gcinn go 138 gcinn).
- Laghdaigh líon na n-iarratas ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta (DFCanna) sa bliaín 2016, agus é ag titim ó 76 cinn sa bliaín 2015 go 66 cinn sa bliaín 2016.

Comhdúcháin phaitinní eachtracha ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn chuitg údaráis phaitinní roghnaithe.

	2010	2011	2012	2013	2014	2015
An Conradh Comhair Paitinní ¹	443	415	391	432	438	457
Oifig Eorpach na bPaitinní ²	637	653	609	566	622	614
An Ríocht Aontaithe	289	330	336	361	352	330
Stáit Aontaithe Mheiriceá ³	796	829	947	1,039	1,068	1,295

Foinsí: Bunachar Sonraí Staidrimh na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) - Athbhreithniú Blantúil ar an gConradh Comhair Paitinní, "Facts & Figures" ó Oifig Maoine Intleachtúla na Ríochta Aontaithe (UKIPO), Staidreamh paitinní ó Oifig Paitinní agus Trádmharcanna na Stát Aontaithe (USPTO).

Tá an staidreamh comhdúcháin bunaithe ar áit chónaithe an iarratasóra chéadaímnithe. D'fhéadfadh go n-athródh figiúirí stairiúla comhdúcháin ó bláin go bliain mar gheall ar bhunachair shonraí a bheith á nuashonrú ag na húdaráis phaitinní.

¹ Iarratais a chomhdáigh daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn faoin gConradh Comhair Paitinní (céim idirnáisiúnta)

² Bhí an analís bunaithe ar líon na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a comhdaíodh le hOifig Eorpach na bPaitinní (iarratais dhíreacha Eorpacha agus iarratais idirnáisiúnta a bhí ag dul isteach sa chéim Eorpach)


³ Tagraíonn comhdúite Stáit Aontaithe Mheiriceá le paitinní fóntais a dtugtar freisin mar paitinní d'aireagáin

Tráchtaireseacht Ghinearálta ar Threochtaí, ar Chuspóirí agus ar Ghníomhaíochtaí

Trádmharcanna agus Dearthaí

Bhí méadú beag 1% ann sa bhliain 2016 ar líon na n-iarratas náisiúnta ar thrádmharcanna a fuarthas. Leanann sé sin an treocht anuas atá ag teacht chun cinn le 4 bliana anuas. Tá líon na n-iarratas atáthar ag fáil 20% níos mó ná an líon a fuarthas idir an bhliain 2010 agus an bhliain 2012. Is féidir é sin a chur i leith roinnt tosca, lena n-áirítear méadú foriomlán ar ghníomhaíocht ghnó in Éirinn mar thoradh ar an téarnamh geilleagach leantach. Mar sin féin, tá ag laghdú fós ar na figiúirí i leith Clárúcháin Idirnáisiúnta. Tithíon na n-iarratas ar Chláirúcháin Idirnáisiúnta a fuarthas san Oifig faoi 1,000 iarratas den chéad uair sa bhliain 2016. Léiríonn sé sin an méadú ar líon na ngnólachtaí atá ag roghnú an tAontas Eorpach ar fad a ainmniú, ar leithligh ó chosaint a marc a iarraidh i mBallstáit aonair den Aontas Eorpach, rud atá níos costasaí. Táthar ag súil go leanfaidh an laghdú sin ar aghaidh sa bhliain 2017.

Iarratais Náisiúnta ar Trádmharcanna agus Dearthaí 2006 – 2016



- I gcomparáid leis an bhfigír don bhliain 2015, tháinig méadú 1% ar líon iomlán na n-iarratas náisiúnta ar thrádmharcanna a fuarthas sa bhliain 2016 (ó 2,654 cinn go 2,694 cinn). Tá méadú seasta tagtha sa réimse sin ón mbliain 2012 i leith, rud is féidir a chur i leith fhás leantach agus fhorbairt leantach an gheilleagair de réir mar a eiríonn le gnóthais teacht amach as tionchar diúltach an chúlaithe.
- I gcomparáid leis an bhfigír don bhliain 2015, laghdaigh líon na n-iarratas idirnáisiúnta ar thrádmharcanna cosanta in Éirinn faoi bheagnach 25% sa bhliain (ó 1,180 ceann go 891 cheann).
- Ábhar misnígh ba ea an méadú a bhí ann ar líon na n-iarratas ar dhearaí tionscail a chlárú, agus é ag méadú ó 49 gcinn sa bhliain 2015 go 80 ceann sa bhliain 2016. Tá líon na n-iarratas ar dheartháí atá faigte ag an Oifig ag dul suas agus síos le blianta beaga anuas.

Tráctaireacht Ghinearálta ar Threochtaí, ar Chuspóirí agus ar Ghníomhaíochtaí

Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (TAEnna)

Tháinig Trádmharc an Aontais Eorpaigh (Trádmharc Comhphobail roimhe sin) in éifeacht an 1 Aibreán 1996 agus tugtar clárúchán aonair don dílseánach leis, rud atá bailí sna 28 dtír d'AE. Maidir le líon na n-iarratas ar Thrádmharc an Aontais Eorpaigh ar chomhdaigh iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn iad sa bláthain 2016, mhéadaigh sé faoi 8% ó 1,071 iarratas sa bláthain 2015 go 1,160 iarratas sa bláthain 2016.

	2013	2014	2015	2016
Iarratas as Thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh	1,055	1,038	1,071	1,160
Líon thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh a cláraíodh	840	1,023	971	1,021

Foinse: Staidreamh SSC003.1 ó EUIPO

¹ D'fhéadfadh go n-athróidh figiúirí áirithe ó bláthain go bliain mar gheall ar bhunachair shónraí staidrimh WIPO a bheith á nuashonrú

Trádmharcanna Idirnáisiúnta

Is éard atá i bPrótacal Mhaidrid ná córas idirnáisiúnta um chlárú trádmharcanna. Riarann Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) é. Le córas Mhaidrid, tugtar deis d'úinéir trádmhairc cosaint trádmhairc a fháil i roinnt tíortha éagsúla trí iarratas amháin a chomhdú. Chomh maith leis sin, éilítear le córas Mhaidrid nach mór iarratas idirnáisiúnta a bheith bunaithe ar iarratas nó clárúchán ar thrádmharc náisiúnta nó AE (dá dtagraítear buniarratas nó bunchláirúchán) a chomhdaítear trí Oifig na bPaitinní in Éirinn nó trí EUIPO, rud ar a dtugtar an "Oifig Thionscnaimh". Tá trádmharc idirnáisiúnta coibhéiseach le hiarratas ar an trádmharc céanna nó le clárúcháin an trádmhairc chéanna a chuirtear i bhfeidhm go díreach i ngach ceann de na tíortha atá ainmnithe ag an iarratasóir. Le córas Mhaidrid, tugtar réiteach gnó chliste do chuideachta ar bith atá ag iarraidh a cuid trádmharcanna a chosaint agus a bhainistiú i margáid idirnáisiúnta (lasmuigh d'AE de ghnáth) agus is féidir leis an méid a úsáideann cuideachtaí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn é a bheith ina léiriú fónta ar an rún atá acu margáid eachtracha a aimsiú agus margáid nua a chruthú do raon táirgí atá ann cheana agus do raon táirgí nua.

Thaifead Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil 158 gclárúchán idirnáisiúnta sa bláthain 2015 do shealbhóirí trádmharcanna a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn. Áirítear leo sin 359 n-ainmniúchán le haghaidh baill eile de chóras Mhaidrid. Sna cásanna sin, d'iarr na sealbhóirí go leathnófaí cosaint le haghaidh a dtrádmharcanna. Dá éis sin, rinneadh 141 bhall sa bhereis de chóras Mhaidrid a ainmniú ina dhiaidh sin i gclárúcháin idirnáisiúnta reatha ó Éirinn d'fhoinn raon geografach bunaidh a gcosanta a leathnú chuig balltíortha nó dlínsí breise de chóras Mhaidrid.

Clárúcháin Idirnáisiúnta trí Chóras Mhaidrid do shealbhóirí trádmharcanna a bhfuil sainchónaí/cónaí orthu in Éirinn

	2013	2014	2015	2016
Líon na gClárúchán Idirnáisiúnta	146	181	158	n/a
Ainmniúcháin	1,647	1,297	359	n/a
Ainmniúcháin ina dhiaidh sin	144	192	141	n/a

Foinse: Athbhreithniú Bliantúil ar Chóras Mhaidrid ó WIPO do na blianta 2014, 2015 agus 2016.

1 Ní áirítear leis Éireannaigh a bhfuil trádmharc an Aontais Eorpaigh ina seilbh agus a roghnaigh a n-iarratas idirnáisiúnta a bhunú ar an Trádmharc atá acu


2. Níl sonraí don bláthain 2016 ar fáil ó WIPO.

3. D'fhéadfadh go n-athróidh figiúirí stairiúla áirithe ó bláthain go bliain mar gheall ar bhunachair shónraí staidrimh WIPO a bheith á nuasunrú.

Tráchtairéacht Ghinearálta ar Threochtaí, ar Chuspóirí agus ar Ghníomhaíochtaí

Díriú ar Thrádmharcanna Trádmharcanna Neamhthraigisiúnt


Beidh impleachtaí praiticiúla ag Treoir nua AE maidir leis an Trádmharc don Oifig seo. Faoin reachtaíocht reatha atá i bhfeidhm in Éirinn, tá ceanglas ann go mbeifear in ann trádmharcanna “a chur i láthair go grafach”. Go bunúsach, ciallaíonn sé sin nach mór go mbeifear in ann léiriú ar an marc a chur ar pháipéar agus nach mór go mbeidh tomhaltóirí in ann é a fheiceáil agus a thuisceint. Leis an Treoir nua, cuirfear deireadh leis an gceanglas sin agus ceadófar clárú a dhéanamh ar mharcanna is féidir a thuisceint le céadfaí eile seachas radharc. Dá réir sin, beifear in ann clárú a dhéanamh ar mharcanna is féidir a thabhairt faoi deara mar gheall ar a mboladh, ar a bhfuaim, ar a mblas nó ar a n-uigeacht. Féadfar clárúchán a lorg i leith holagram, íomhána gluaisteacha agus gothaí freisin. Tugtar trádmharcanna neamhthraigisiúnta ar thrádmharcanna den sórt sin de ghnáth. Cé gur leis an athrú reachtach a sholáthrófar do speisialtóirí margáiochta bealaí úrnua inar féidir leo tomhaltóirí a spreagadh a gcuid táirgí a aithint, ní gá go mbeidh gach marc a chomhdófar inghlactha dá gclárú. Leanfaidh an Oifig seo le hiarratais a scrúdú de réir na reachtaíochta agus i gcomhréir le cásdlí trádmharcanna na hEorpa. Déanfar amhlaidh i gcomhréir leis an bpríomhphrionsabal treorach (ar a dtugtar seacht gcritéar Sieckmann) freisin, is é sin, nach mór go mbeidh trádmharcanna soiléir, beacht, féinchuimsitheach, sorochtana, intuisceana, marthanach agus oibiachtúil. Má ghlactar cineál amháin maire neamhthraigisiúnta mar shampla, d’fhéadfadh go mbeadh sé deacair a chruthú gur marcanna marthanacha iad marcanna atá bunaithe ar a mboladh. D’fhéadfadh nár leor sampla den bholadh a sholáthar i mbuidéal toisc go bhfuil baol ann go dtiocfaidh athrú nó meath ar an mboladh le himeacht ama agus go mbeidh boladh an mhairc difriúil dá bharr sin. Bacáinn shuntasach ar mharcanna den sórt sin a chlárú is ea nár cheart an boladh a bheith ag baint le cineál an earra é féin. Dá réir sin, ní bheadh an leibhéal riachtanach uathúlachta ag gabháil leis an táirge. Dá bhrí sin, tá seans i bhfad níos fearr ann go bhféachfaidh déantóirí le bolaithe a chlárú i leith earraí nach bhfuil a mboladh mar shaintréith acu. Tiocfaidh deacrachartaí chun cinn don Oifig i ndáil leis an dóigh a bhfaighidh sí marcanna neamhthraigisiúnta agus maidir leis an dóigh a ndéanfaidh sí clár marcanna neamhthraigisiúnta a stóráil, a fhoilsíú agus a chothabháil. Ós rud é go scrúdaítear iarratais i ndáil le forais choibhneasta lena ndiúltú, is amhlaidh freisin nach mór córais a chur i bhfeidhm chun iarratais den sórt sin a chuardach i gcoinne marcanna atá faoi chosaint ag EUIPO nó atá ar chlár na hÉireann cheana féin ionas gur féidir marcanna atá comhionann le chéile nó atá an-chosúil le chéile a shainaithint. Faoin am sin, beidh réitigh theicniúla i bhfeidhm ag an Oifig chun na cineálacha nua trádmharcanna a fháil, a stóráil agus a fhoilsíú. A bhui leis an gcúnamh atá ar fáil ó EUIPO mar chuid dá Chiste Comhair agus de Thionscadail an Chláir Chóineasaithe dá chuid, tá síul ag Oifig na bPaitinní go mbeidh sí in ann cúnamh i bhfoirm uirlisé agus réiteach a ghiarál ó EUIPO ionas go mbeidh cumas aici sárú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le trádmharcanna neamhthraigisiúnta a fháil agus a phróiseáil.



Fuaim ríomhghinte a mhaireann

10 soicind.

[EUTM 11654209](#)



Trádmharc holagram VF - Video Future (EUTM 2117034) atá cláraithe ag GDS Video.

Grianghraf: EUIPO



Rinne Kraft Foods UK Ltd an trádmharc íomhá gluaistí seo (UK 228003) a chlárú do sheacláid agus do mhilseogra seacláide.

Foinse: Oifig Maoine Intleachtúla na Ríochta Aontaithe



Tráchtairéacht Ghinearálta ar Threochtaí, ar Chuspóirí agus ar Ghníomhaíochtaí

Díriú ar an mBreatimeacht agus ar an tionchar a d'fhéadfadh bheith aige ar an gcóras Trádmharcanna agus Dearthaí

Cé go bhfuil cuid mhór scríofa cheana féin faoin tionchar a bheidh ag imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach (an Breatimeacht) ar chearta maoine intleachtúla, níl aon fhianaise bheacht ann faoin gcuma a bheidh ar an tírdhreach tar éis an Bhreatimeachta. Is é an príomhábhar imní a bheidh ag sealbhóirí trádmhairc ná an cheist maidir le cé acu a leanfaidh nó nach leanfaidh an Ríocht Aontaithe le caitheamh le Dearthaí agus Trádmharcanna AE mar dheartháí agus trádmharcanna atá faoi chosaint sa Ríocht Aontaithe. Cé go bhfuil roinnt cásanna féideartha ann, is dóigh go dtiocfaidh ceann amháin de na ceithre chás seo a leanas chun cinn: (i) scoirfidh trádmharcanna AE de bheith faoi chosaint sa Ríocht Aontaithe nuair a imeoidh sí go foirmiúil ón Aontas Eorpach; (ii) leanfaidh trádmharcanna AE le bheith faoi chosaint sa Ríocht Aontaithe fad a bheidh siad i bhfeidhm; (iii) tabharfaidh an Ríocht Aontaithe cead do shealbhóirí trádmhairc AE trádmharcanna AE atá ina seilbh a thiontú ina marc de chuid na Ríochta Aontaithe laistigh de thréimhse ama ar leith; agus (iv) leanfaidh an Ríocht Aontaithe le trádmharcanna AE a urramú suas go chéad athnuachan eile na dtrádmharcanna nuair a bheidh an sealbhóir in ann trádmharc AE a thiontú ina mharc de chuid na Ríochta Aontaithe ar an táille athnuachana ábhartha sa Ríocht Aontaithe a ioc.

Maidir le trádálaite nach dtrádálann ach in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, d'fhéadfadh gur ghá dóibh a straitéis trádmhairc a athmheas go luath. Tar éis an Bhreatimeachta, tá seans ann nach soláthrófar le trádmharcanna AE an luach is fearr ar airgead a thuilleadh. Tá seans ann freisin, ag brath ar an gcomhaontú scartha a dtiocfar air, go mbeidh sé níos ciallmhaire ón taobh eacnamaíoch de clárúcháin aonair a lorg in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Cosúil le Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh, tá Dearthaí Cláraithe Comhphobail ina gcineál cirt aonadaigh lena gcumhdaítear críoch iomlán an Aontais Eorpaigh. Tar éis an Bhreatimeachta, beidh gá ann lena fhoráil go leanfar le cosaint choibhéiseach náisiúnta sa Ríocht Aontaithe a thabhairt do Dheartháí Cláraithe Comhphobail nuair a imeoidh sí go foirmiúil ón Aontas Eorpach. Ina theannta sin, is doiléire fós an cheist maidir le cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar cosaint choibhéiseach do Dheartháí neamhchláraithe Comhphobail ar feadh na coda eile dá dtéarma, go háirithe mar gheall ar an bhfíric gur ag an Ríocht Aontaithe cheana féin atá a córas uathúil féin um chearta dearaidh neamhchláraithe.

Tríd is tríd, is amhlaidh, maidir le straitéisí corparáideacha MI tar éis an Bhreatimeachta, go bhféadfadh, ar chúiseanna eacnamaíocha, go gcinneadh gnóthais atá dírithe ar mhargaí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe amháin an córas cosanta náisiúnta dearai tionscail atá i bhfeidhm in Éirinn agus/nó sa Ríocht Aontaithe a roghnú in ionad an chórais chlárúcháin ar fud AE, ar córas níos leithne agus níos costasaí é. Ceist eile a bhaineann le MI, maidir le tásca geografacha a rialaítear iad faoi láthair le córas cosanta sui generis ar fud AE, is ea go mbeidh gá ann le tásca geografacha na Ríochta Aontaithe a bhaint de chóras clárúcháin AE tar éis an Bhreatimeachta agus le iad a chosaint ar bhonn náisiúnta.

Toisc go rachaidh imeacht na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm orthu, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí dlíthíochta agus forfheidhmithe in am is i dtráth. Tar éis animeachta, ní chumhdófar an Ríocht Aontaithe a thuilleadh le himeachtaí dlíthiúla nua a bhaineann le trádmharcanna AE agus le dearthaí Comhphobail. Dá bharr sin, ní bheidh sealbhóirí trádmharcanna AE na trádmharcanna sin a fhorfheidhmiú sa Ríocht Aontaithe agus ní bheidh siad in ann urghairí ar fud an Aontais Eorpaigh ar fad a fháil faoin Rialachán maidir le Trádmharcanna AE. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh freisin ar aon tagairtí a dhéantar i gcomhaontuithe tráchtala don dlí is infheidhme agus don dlínse is infheidhme.

Misean agus Cuspóirí Oifig na bPaitinní

Is é seo a leanas lármhisean Oifig na bPaitinní:

“Córas éifeachtach éifeachtúil um maoin thionsclaioch a chosaint a chur ar fáil, rud a spreagfaidh dul chun cinn teicneolaiochta agus a chuirfidh fiontraíocht chun cinn trí chur chun feidhme na reachtaiochta ábhartha ag an Oifig.”

Bainfear é sin amach trí chearta maoine tionsclaíche a chosaint i réimsí na bpaitinní, na dtrádmharcanna agus na ndearthaí agus trí eolas agus fhaisnéis ábhartha a scaipeadh go réamhghníomhach i gcomhar le gach ceann de na gníomhaíochtaí sin. Féachfaidh Oifig na bPaitinní lena cion féin a dhéanamh i gcóras rialála nua-aimseartha freagrúil a sholáthar lena dtacófar leis an nuálaíocht agus leis an bhfiontraíocht araon agus lena gcothófar timpeallacht éifeachtach ghnó in Éirinn.

Is sa tráchtairreacht seo a leanas agus sa tuarascáil staidrimh a ghabhann léi a dhéantar breithniú ar gníomhaíochtaí na hOifige maidir leis na sé phríomhchuspóir atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2014-2016 a chomhlíonadh. Meastar go bhfuil na sé chuspóir sin ríthábhachtach maidir le misean na hOifige a chomhlíonadh agus maidir lena héifeachtúlacht oibriúcháin a choimeád ar bun.

Cuspóir 1

Leanúint ar aghaidh le Paitinní a dheonú agus le Trádmharcanna agus le dearthaí a chlárú bunaithe ar nósanna imeachta riarcháin agus ar chaighdeán seirbhísí atá éifeachtúil (agus aon dul leo sin a léiríonn an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus a fhreastalaíonn ar riachtahais chustaiméiri).

Ba le breis éifeachtúlachta agus éifeachtachta a lean an Oifig lena seirbhísí a sholáthar sa bhliain 2016 agus ba ar leibhéal an-sásúil a bhíothas ag comhlíonadh fhormhór na spriocanna seirbhíse do chustaiméiri. Tá an Oifig tiomanta do chlár ríomhchu-marsáide a sholáthar, clár a bhfuil ríomhchomhdú ina chuid ríthábhachtach de. Tá córas ríomhchomhdúcháin i bhfeidhm ag Oifig na bPaitinní le haghaidh iarratais ar thrádmharcanna agus ar dhearthaí. Mórthairbhe a bhaineann leis an gcóras d'úsáideoirí is ea an dearbhú a fhaigheann siad go nglacfaidh an Oifig le haon téarmaí a roghnaíonn siad ón liosta ceadaithe aicmithe comhchuibhithe in TMclass. Chabhraigh sé sin leis an bpróiseas iarratas a chuichóiriú agus tabharfaidh sé leibhéal intuarthachta d'úsáideoirí. Cabhraíonn an córas leis an bpróiseas scrúdúcháin freisin agus déanfar cinntí níos tapa ar iarratais ar chosaint mar thoradh air. Faoi dheireadh na bliana 2016, ba go leictreonach trí shuíomh Gréasáin na hOifige a fuarthas 91% de na hiarratais uile ar thrádmharcanna. Ní chruthaítear páipéarchomhaid a thuilleadh d'iarratais ar thrádmharcanna agus ar dhearthaí a fhaightear go leictreonach agus tá próiseas gan pháipéar den chuid is mó i bhfeidhm d'obair cuardaigh agus scrúdaithe, rud atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Le soláthar na gcóras comhdúcháin ar líne le haghaidh trádmharcanna agus dearthaí, cuireadh an Oifig ar chomhréim le hOifigí eile Maoine Tionsclaíche san Eoraip. Tá na hoifigí sin ag tairiscint seirbhís ríomhchomhdúcháin dá gcuid custaiméiri le roinnt mhaith blianta anuas. Cuireadh túis sa bhliain 2016 le réamhobair ar fhorbairt an chórais ríomhchomhdúcháin le haghaidh iarratas ar Phaitinní agus ar DFCanna. Beidh seirbhís iomlán ar fáil tar éis deis a thabhairt iarratais ar phaitinní agus ar DFCanna a chomhdú ar líne agus, tar éis déanamh amhlaidh, comhlíonfaidh an Oifig ceanglas an Rialtais nach mór tosaíocht a thabhairt do gach nós imeachta ceadúnúcháin agus údarúcháin do ghnólachtaí a chur ar fáil ina n-ionláine ar líne ar bhonn forchéimnitheach roimh dheireadh na bliana 2018.

B'ionann na glanfháltais a bhí dlite don státhiste sa bhliain 2016 agus €9.07m. Ba mhéadú €0.68m nó 8% é sin ar an bhfigiúr €8.386m don bhliain 2015. Tagann an chuid is mó d'ioncam táillí na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha. Bhí dea-mhéadú €0.682m nó 8% ón bhfigiúr don bhliain 2015 ann san ioncam comhcheangailte ó tháillí paitinní agus trádmharcanna (lena n-áirítear táillí trádmharcanna idirnáisiúnta). Agus iad cothrom le €3.066m don bhliain 2016, bhí méadú €0.096m ann i nglangspeansais na hOifige i gcomparáid leis an bhfigiúr comhfheagrach €2.97m don bhliain 2015.

Cuspóir 2

Féachaint leis an teicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm ar mhaithe le feabhas a chur ar chórais, ar nósanna imeachta agus ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do chustaiméirí, rud a fhéachfaidh freisin d'élimh na sochaí faisnéise agus an Ríomhghhnó am céanna.

Ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla, lean an fhoireann le feabhas a chur ar na próisis oibre agus ar na réitigh theicneolaíochta atá mar bhonn thaca ag a croíthárgí agus ag a croísheirbhísí le linn na bliana 2016. Tá an tioman-tas atá againn do sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí, rud atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Is é 95% an meánleibhéal gnóthachtála i gcás na 37 sprioc seirbhíse do chustaiméirí atá againn, spriocanna lena leagtar síos uasteorainneacha ama chun cúramí éagsúla atá dírithe ar an gcuastaiméir a chur i gcrích. Cuirtear síos ar na spriocanna sin sa rannán "Spriocanna Feidhmíochta" den tuarascáil.

Téann an Oifig go gníomhach le clár ríomhchumarsáide d'fhoinn soláthar seirbhísí a fheabhsú agus próiseáil a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla trí chomhdúchán leictreonach, phróiseáil leictreonach comhad agus chumarsáid leictreonach a chomhcheangal ar bhealach a chabhróidh ar deireadh le próiseáil gan pháipéar san Oifig. Is trí ríomhphost a eisítear formhór mór chomhfhereagras na Roinneanois. Spreagtar custaiméirí cumarsáid trí ríomhphost a dhéanamh leis an Oifig nuair is féidir. Thug an Oifig ríomhchomhdú na n-iarratas ar thrádmharcanna isteach sa bláthain 2014 agus thug sí ríomhchomhdú dearthaí isteach sa bláthain 2015. Faoi láthair, tá sí ag forbairt ríomhchomhdúchán le haghaidh paitinní agus DFCanna. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm sa bláthain 2018. Thug an Oifig bosca seachadta leictreonach isteach sa bláthain 2011, rud a fhágann gur féidir iarratais chriptithe ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dheartháí a chur isteach go leictreonach agus go slán. Úsáideann aturnaetha maoine intleachtúla an bosca seachadta agus, ag deireadh na bliana 2016, bhí leas á bhaint ag 22 ghnó-lacht as an tsaoráid.

Thug an Oifig leathnú na saoráide íocaíochtaí ar líne isteach sa bláthain 2016, rud a fhágann gur féidir gach cineál táille Trádmharcanna agus Dearthaí náisiúnta a íoc ar líne i dteannta chomhdú na ndoiciméad gaolmhar. Bhí an fheidhmiúlacht íocaíochta táillí roimhe sin teoranta do tháillí athnuachana, deontais agus clárúcháin a íoc ar líne. Leis an tsaoráid ar líne nua, méadaítear raon na gcineálacha táille is féidir a íoc ar líne le go n-áirítear leo gach cineál táille Trádmharcanna agus Dearthaí náisiúnta. De bhréis air sin, is féidir na doiciméid ar fad atá bainteach le cineál táille ar leith a chur isteach tríd an bhforbairt nua seo. Fágann leathnú na saoráide íocaíochtaí ar líne go bhfuil tulleadh éifeachtúlachta agus caoithiúlachta ann don úsáideoir. Chomh maith leis sin, beidh an Oifig in ann iarrataí agus doiciméid a phróiseáil gan pháipéar ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí. Tá cabhair ar líne ar fáil don úsáideoir agus é/í ag comhlánú rannáin éagsúla. Cuireann an ghné nua sin lenár gcórais ríomhchomhdúchán Trádmharcanna agus Dearthaí a bhfuil ag éirí leo cheana féin. Ba mhaith leis an Oifig aitheantas a thabhairt don chabhair a thug EUIPO dúinn le linn an córas ar líne seo a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Forbraíodh an tionscadal faoi Chiste Comhair EUIPO. Is é aidhm an Chiste tulleadh comhchuibhithe a chur chun cinn, Oifigí náisiúnta MI a nuachóiriú agus cúrsáí a éascú d'úsáideoirí na gcóras Eorpach Trádmharcanna agus Dearthaí. Is é leathnú na saoráide íocaíochtaí ar líne an beart is déanaí a chuirfidh ar chumas úsáideoirí raon níos leithne táillí a íoc ar líne. Is go leictreonach a íocatar geall le 100% de tháillí reachtúla na hOifigeanois, i gcomparáid le 99% sa bláthain 2015. Chomh maith leis sin, baineann an Oifig úsáid as teirminéal cártaí creidmheasa (TCC) ar mhaithe le híoc táillí a éascú agus a uathoibriú tulleadh.

Le linn na bliana, lean an Oifig ar aghaidh ag baint leas as cúnamh ó Chiste Comhair EUIPO, rud a chuireann cúnamh ar fáil d'Oifigí Náisiúnta AE maidir le huirlisí Gréasánbhunaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú leis an tsaolré trádmharcanna agus dearthaí. Comhlánóidh na tionscnaimh sin tionscadail eile a soláthraíodh go Rathúil cheana féin le cúnamh ón gCiste Comhair, lena n-áirítear tionscadal arb é is aidhm dó cur le líon na ndoiciméad paitinne náisiúnta atá cartlanaithe go leictreonach. Tosaíodh an tionscadal sa bláthain 2013 agus leanadh ar aghaidh leis ar fud na bliana 2016. Is é aidhm an tionscadail na doiciméid sonraíochta uile atá ar fáil faoi iarratasóirí ar phaitinní a fuarthas sa tréimhse idir na 1960í agus túis na 2000í a scanadh agus iad a chur ar fáil don phobal ar an suíomh Gréasáin. Meastar go bhfuil thart ar 58,000 doiciméad ann atá le scanadh fós. Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal sa bláthain 2016, agus breis agus 30,000 doiciméad scanta go dtí seo. D'fhoinn costais a laghdú agus rochtain leanúnach a chumasú ar na doiciméid, chinn an Oifig gan an obair a sheachfhoinsíú. Ina ionad sin, bíonn acmhainní inmheánacha foirne agus trealamh á n-úsáid aici chun an obair a chur i gcrích. Maidir le héifeachtúlachtaí teicneolaíochta a fheabhsú, forbraíodh ceithre cinn d'fheabhsuithe substainteacha ar chóras riarracháin PTOLEMY le linn na bliana. Ba é an aidhm a bhí le gach ceann acu ná feabhas a chur ar éifeachtúlachta oibriúcháin agus a chinntí go mbíonn croíchórais ghnó na hOifige cothrom le dáta. Le linn na bliana 2016, d'uasghrádaigh an Oifig gach ceann de stáisiúin oibre na hOifige chuig Windows 10

Cuspóir 3

Cur le dréachtú aon reachtaíochta nua maidir le maoin intleachtúil lena gcruthaítear feidhmeanna don Cheannasaí agus cur le cur chun feidhme na reachtaíochta ina dhiaidh sin.

Tá rialáil na gceart maoine intleachtúla in Éirinn ina cuid riachtanach den chreat fhiorimlán reachtaíochta lena ndéantar nuálaíocht a spreagadh, a chosaint agus a chur chun cinn. Tá sé ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, a léiríonn an tionsumas atá ag Éirinn do Dhlí Maoine Intleachtúla AE agus do chonarthaí agus do choinbhinsiúin idirnáisiúnta eile, amhail Coinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus Conarthaí agus Comhaontuithe éagsúla na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil. Is é Aonad Maoine Intleachtúla (AMI) na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as beartas maoine intleachtúla agus as reachtaíocht a ullmhú sa réimse sin. Soláthraíonn Oifig na bPaitinní comhairle agus cúnamh ar na hábhair sin, go háirithe ar an tionchar a d'imreodh athruithe dlíthiúla nó rialála a bheartaítear ar obair na hOifige. Is iad seo a leanas na hábhair ar chuir an Oifig leo agus ar chuir sí tuairimí in iúl ina leith le linn na bliana 2016:

- Leagtar síos le Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 46 de 2016), na nósanna imeachta atá bainteach le Gníomhairí Trádmharcanna a chlárú de bhun Chuid V d'Acht na dTrádmharcanna, 1996.
- Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gníomhairí Trádmharcanna), 2016 (I.R. Uimh. 47 de 2016), a rinneadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach 1972, leasaítear ailt 85, 86 agus 90 d'Acht na dTrádmharcanna, 1996. Tríd sin, baintear srianta foirme dlíthiúla agus scairshealbhóireachta ar ghníomhairí trádmharcanna de chuid LEE. Éascaítear leis na Rialacháin sin clárú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí agus ar chuideachtaí gníomhairí trádmharcanna AE ar mian leo bunaíocht thánaisteach a chur ar bun in Éirinn.
- Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treibh 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), a rinneadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, trasuitear Treibh 2014/26/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014. Leis na Rialacháin, forchuirtear ceanglais rialachais ar eagraíochtaí comhbhainistíocha atá ar bun sa Stát agus, ar leithligh ó na ceanglais sin, ceadaítear dóibh tabhairt faoi chlárú ar bhonn ilchríche ar fud an Aontais Eorpaigh.
- An Scéim Ghinearálta de Bhille dar teideal “an Bille um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán), 2016” lena bhforáiltear do dheimhniú bosca forbartha eolais á bheith á eisiúint ag an gCeannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna chuiig cuideachta ábhartha i leith aireagán leis an gcuideachta sin ar aireagán nuálach neamhshaonta úsáideach é, mar a shonraítear sa sainmhíniú ar “maoin intleachtúil do chuideachtaí beaga” in alt 769R den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, chun cur ar chumas na cuideachta an deimhniú a úsáid chun sochar cánach a fháil faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997; agus chun Acht na bPaitinní, 1992, a leasú chun a chinntí go bhféadfaidh paitinní Éireannacha a deonaíodh an 1 Eanáir 2017 nó ina dhiaidh teacht faoi mhír (a) den sainmhíniú ar “paitinn cháilitheach” in alt 769G den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ós rud é nach bhféadfaidh ach paitinní Éireannacha a deonaíodh roimh an dáta sin teacht faoi mhír (b) den sainmhíniú sin; agus chun foráil a dhéanamh do nithe gaolmhara. Is é aidhm an Bhille dreasacht a thabhairt do chuideachtaí gníomhaíochtaí nuálacha a dhéanamh in Éirinn trí ráta laghdaithe cánach corparáide de 6.25% a chur ar fáil le haghaidh ioncam arna ghiniúint ó mhaoin intleachtúil áirithe a shaothrú.

Cuspóir 4

Tuiscant ar mhaoin intleachtúil a mhéadú.

Is é ceann de na príomhchuspóirí atá ag Oifig na bPaitinní ná cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí, do nuálaithe agus d'fhiontraithe a thuiscint conas is féidir le MI cabhrú leo luach a bhaint amach óna gcuid smaointe agus bheith in ann fainseis a rochtain ar chearta maoine intleachtúla, rud a chuirfidh ar a gcumas a maoin intleachtúil a úsáid, a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú chomh fada agus is féidir. Tá an Oifig ag diríú a clár feasachta MI go sonrach ar chúnamh a thabhairt d'fhiontair bheaga, do mhicreafhiontair agus d'fhiontraithe agus do nuálaithe aonair. Lean an Oifig lena clár for-rochtana a reáchtáil, rud arb é an aidhm atá leis feasacht a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne ar chúrsáí maoine intleachtúla, agus é dírithe go háirithe ar earnáil na ngnólachtaí beaga nuathionscanta agus ar dhaltaí. Le linn na bliana 2016, ghlac an Oifig páirt i 67 n-imeacht agus labhair sí faoi MI ag cúrsaí "Do Ghnó Féin a Chur ar Bun", a bhí á reáchtáil ag na hOifigí Fiontar Áitiúil. D'fhreastail an Oifig ar thaispeántais éagsúla comhairle gnó agus fiontair ar fud na tíre sa bliaín, lenar airíodh Cruinníú Mullaigh Uile-Éireann na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Tá "MeetWest" ina imeacht rathúil lónraithe gnó inar chuir foireann na hOifige seisiún duine le duine ar siúl le gnólachtaí éagsúla. Thionóil Oifig na bPaitinní 50 clinic MI sa bliaín 2016, áit a dtugtar deis do dhaoine den phobal, d'aireagóirí, d'fhiontraithe agus don lucht gnó ceisteanna a bhaineann le hiarratais MI a bheartaíonn siad a dhéanamh nó atá déanta acu cheana féin chuig Oifig na bPaitinní a phlé le foireann na hOifige. Táthar den tuairim go bhfuil an cur chuige sin an-úsáideach maidir le buntreoir a thabhairt maidir le nósanna imeachta agus le foirmeacha a theastaíonn chun cearta MI a chlárú agus maidir leis na próisis a bhaineann le cosaint MI a fhál in Éirinn nó thar lear. Tugtar cúnamh freisin maidir le straitéis chuardaigh 'déan féin é' i gcomhair paitinní, trádmharcanna agus dearthaí a chur le chéile agus maidir le bunachar sonraí paitinní, trádmharcanna agus dearthaí a rochtain agus a úsáid.



Díritear cuid shuntasach d'iarrachtaí na hOifige chun feasacht a ardú ar dhaltaí dara leibhéal ach páirt a ghlacadh sa Taispeántas bliantúil Eolaíthe Óga agus Teicneolaíochta de chuid BT agus sna Dámhachtainí bliantúla Fiontair Mac Léinn. Lean an Oifig freisin le hurráocht a dhéanamh ar dhuais a bhronntar ar an dalta a mbaineann a thionscadal an úsáid is fearr as teicneolaíochta i bhfeidhmchláir nua nó fheabhsaithe agus a mbaineann a thionscadal na héifeachtúlachtaí feabhsaithe nó na nuálaíochtaí núiosacha is fearr amach. Ba iad Heather Murphy agus Naoise Tobin ó Scoil Pháirc Chill Phionntain, Baile Átha Cliath, a bhuaigh an duais a d'urraigh Oifig na bPaitinní sa Taispeántas sa bliaín 2016.



Tá na Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn atá á reáchtáil ag na Boird Fiontar Áitiúil ar an gcomórtas fiontair is mó do dhaltaí dara leibhéal in Éirinn. Bhí na Babhtaí Ceannais Náisiúnta ar siúl i mí Aibreán 2016. Ba iad seo a leanas buaiteoirí na ndámhachtainí Maoine Intleachtúla: Merlin Pearson, Jason Reinhardt, Joshua Webb, Kevin Durkan agus Cian Walsh ó Phobalscoil Bhéal Átha hAmhnaí, a bhuaigh dámhachtain i leith a ngnó darb ainm "The Story of my Life"; Aoife Gethings agus Dawn Worth (sa phictiúr ar chlé) ó Mheánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead, a bhuaigh dámhachtain leith a ngnó darb ainm "Melting Moments"; agus Jordan Casey, Tom O'Donnell agus Daniel Lye ó Choláiste De La Salle, a bhuaigh dámhachtain i leith a ngnó darb ainm "KidsCode". Tugtar leis an gcomórtas deis den scoth don Oifig dul i dteagháil le fiontraithe is daltaí d'fhoinn feasacht ar MI a chur chun cinn nuair a bhíonn smaoineamh gnó á fhorbairt acu agus nuair a bhíonn fiontar rathúil á bhunú acu. Is é atá i leabhar oibre na nDámhachtainí Fiontair Mac Léinn ná caibidil a bhaineann go sonrach le Maoin Intleachtúil, rud a athdhingníonn feasacht ar MI i measc daltaí dara leibhéal.

Cuspóir 5

Baill foirne a aithint mar shócmhainn thábhachtach de chuid na hOifige agus úsáid a bhaint as pleanáil ghnó agus as bainistíocht agus forbairt feidhmíochta aonair d'fhoinn feidhmíochta ghnó agus próisis ghnó a fheabhsú agus éifeachtacht eagrúcháin a bhreisiú.

Bhí 46 phost údaraithe ag an Oifig amhail an 31 Nollaig 2016. B'ionann é sin agus an líon post sa bhliain 2015. Tar éis sosanna gairme, postroinnt agus socruthe oibre eile a thacaíonn leis an teaghlaigh a chur san áireamh, áfach, bhí leibhéal foirne 42.62 duine de choibhéis lánamseartha ag an Oifig le linn na bliana 2016. Tá laghdú mór tagtha ar an líon foirne san Oifig ó dhíláraigh an Oifig chuig Cill Chainnigh den chéad uair sa bhliain 1998. Ón mbliain 2008 ar aghaidh, mar shampla, tá an líon foirne laghdaithe faoi 27%, is é sin, ó 63 dhuine go 46 dhuine faoi láthair. Agus níos lú acmhainní foirne aici, tá iarracht déanta ag an Oifig ardleibhéal seirbhise poiblí a sholáthar gan dochar a dhéanamh dá héifeachtacht oibriúcháin trí níosannaimeachta níos fearr agus níos éifeachtúla agus trí theicneolaíocht a úsáid ar bhealach níos fearr agus níos éifeachtúla.

Tá rún daingean ag an Oifig a chinntíú go ndéantar measúnú rialta ar fheidhmíocht na foirne ar fad agus go gcuirtear athbhreithnithe foirne i gcrích ar bhealach tráthúil. Nascann an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) le plein gnó bliantúil na hOifige agus tugann sé deis do gach ball foirne spriocanna aonair a shocrú, athrú a thionscnamh agus a sholáthar agus leanúint de chleachtais oibre a fheabhsú chun seirbhís éifeachtúil ardchaighdeáin a sholáthar.

De réir CBFF, rinneadh Plean Forbartha Oiliúna a dhréachtú, rud inar cuireadh san áireamh na riachtanais éagsúla oiliúna ar aithin na baill foirne iad a bheith acu ina bpleannanna forbartha pearsanta don bhliain 2016. Lasmuigh den oiliúint leanúnach ar an láthair oibre, thug an fhoireann faoi 28 lá oiliúna san ionlán le linn 2016. Cuireadh oiliúint ar fáil i réimsí amhail forbhreathnú ar an tionscal feistí Leighis, bainistíocht ama agus scileanna bainistíocha. Chomh maith leis sin, ghlac ball foirne amháin páirt i gClár 'Éire Óg 2016' in Albain. Is clár é sin atá dírithe ar scileanna cumarsáide daoine óga a fhorbairt agus a dtaití a leathnú go luath ina saol oibre.

Lean an fhoireann le ról ríthábhachtach a imirt maidir le hídiú fuinnimh a laghdú san Oifig, ar aon dul leis an gClár Earnála Poiblí atá i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Is é sprioc an phlean ídiú fuinnimh a laghdú, feasacht na foirne a mhéadú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an trealamh théimh/ aerchóirithe. Mar thoradh ar na bearta coigilt fuinnimh atá déanta ag an bhfoireann, tá coigiltí suntasacha ar ídiú fuinnimh bainte amach sa bhliain seo a chuaigh thart (i gcomparáid leis an mbliain 2008, arb í an bhliain tagarmhairc) agus tá coigilt iarmhartach tagtha chun cinn i gcostais fuinnimh.

- Tá laghdú 24% tagtha ar ídiú leictreachais sa 12 mhí seo a chuaigh thart (i gcomparáid leis an bhfigír don bhliain 2008)
- Tá laghdú 9% tagtha ar ídiú breosla sa 12 mhí seo a chuaigh thart (i gcomparáid leis an bhfigír don bhliain 2008)

Cuspóir 6

Ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag fóram idirnáisiúnta.

Déanann baill foirne Oifig na bPaitinní ionadaíocht d'Éirinn ag roinnt fóram idirnáisiúnta. Agus an méid sin á dhéanamh acu, cinntíonn siad go gcuirtear seasamh na hOifige ar ábhair Mhaoine Intleachtúla in iúl, go gcuirtear daoine ar an eolas faoin seasamh sin agus go dtugtar cosaint dó. Déanann ardbhainisteoirí na hOifige ionadaíocht d'Éirinn ar Chomhairle Riaracháin Oifig Eorpach na bPaitinní agus ar na Coistí Bainistíochta éagsúla dá cuid. Déanann siad ionadaíocht don tir ar Bhord Bainistíocha agus ar Choiste Buiséid EUIPO freisin. Agus iad ina saineolaithe ina réimsí féin, suíonn baill foirne ar roinnt coistí teicniúla agus idirchaidrimh de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus EUIPO. Suíonn siad freisin ar Mheithleacha Tionscail a bhrúnn tionscnaimh chóineasaithe agus chomhchuibhithe Eorpacha chun cinn in EUIPO.

Tá clár chomhair dhéthaobhaigh i bhfeidhm ag an Oifig le hOifig Eorpach na bPaitinní agus le EUIPO freisin, ar clár iad faoina bhfaigheann an Oifig cúnamh le haghaidh na nithe seo a leanas: páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla atá dírithe ar fheasacht ar MI a ardú, páirt a ghlacadh i sainoiliúint MI, páirt a ghlacadh i dtionscadail TFC arb é is aidhm dóibh malartú sonraí MI a éascú, uirlisí a fhorbairt chun rochtain níos fearr a chur ar fáil ar fhaisnéis MI agus cleachtais agus níosannaimeachta a chomhchuibhiú. Éascaíonn ár rannpháirtíocht sna cláir comhphlé a dhéanamh ar ábhar agus ar struchtúr clár comhair idir na heagraíochtaí sin agus oifigí náisiúnta eile MI san Eoraip, rud a chuireann ar chumas na hOifige a seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh de réir an dea-chleachtais idirnáisiúntabealaí níosannaimeachta ri-aracháin agus rialacha cur chun feidhme a chinneadh le haghaidh cosaint aonadach paitinne.

Anuas air sin, glacann baill foirne páirt i gcruiinnithe na gcomhlachtaí rialaithe agus na gcomhlachtaí teicniúla de chuid WIPO (a riarrann an Conradh Comhair Paitinní agus socruithe faoi Phrótacl Mhaidrid lena ndéileáiltear le hiarratais id-irnáisiúnta trádmhairc) agus i roinnt conarthaí idirnáisiúnta maidir le maoín intleachtúil.

Comhoibriú Idirnáisiúnta



Glacann an Oifig páirt i ngníomhaíochtaí comhair lena macasamhlacha i dtíortha eile, leis an Oifig um Chomhchuibhíú sa Mhargadh Inmheánach (OCMI) agus le hOifig Paitinní na hEorpa ar roinnt tionscadal arb é is aidhm dóibh comhchuibhíú a chur chun cinn ar fud oifigí náisiúnta MI agus cúrsaí a éascú d'úsáideoirí na gcóras paitinne, trádmhairc agus dearaidh. Is éard atá sna nithe seo a leanas ná samplaí de roinnt de na tionscadail chomhair ar tugadh fúthu in 2016

CLÁR COMHAIR AGUS PACÁISTE BOGEARRAÍ EUIPO

Trí Chlár Cóineasaithe EUIPO, a seoladh sa bhliain 2011, nasctar EUIPO agus Oifigí Náisiúnta agus Cumainn Úsáideoirí le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú i réimsí ina bhfuil cleachtas dhifriúla i bhfeidhm ag oifigí MI. Comhlánaíonn sé an obair a bhíonn á déanamh faoin gCiste Comhair chun uirlísí comhchoiteanna TF a chruthú. Glacann foireann na hOifige páirt sna Grúpaí Oibre a bunaíodh le haghaidh gach tionscadail chóineasaithe. Cuireadh cúig thionscadal Trádmhairc i gcrích roimhe sin agus eisíodh Teachtaireachtaí Coiteanna ina leith. Rinneadh an-dul chun cinn sa bhliain 2016 ar an dá thionscadal dearaidh atá liostaithe thíos:

CP6: Cóineasú ar léirithe grafacha ar Dearthaí.

CP7: Tásca Táirge le haghaidh Dearthaí a chomhchuibhíú

Cuireadh tionscadal CP6 i gcrích agus eisíodh Teachtaireachtaí Choiteann an 15 Aibreán 2016. Bhí tionscadal CP7 curtha i gcrích den chuid ba mhó faoi mhí na Samhna 2016. Le sreabhadh oibre comhchuibhithe le haghaidh sonraí táirgí, beidh oifigí AE in ann nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar an mbunachar sonraí comhchuibhithe um shonraí táirgí. Seolfar é sin faoi dheireadh mhí Eanáir 2017. Cinnteoidh sé go leanfaidh DesignClass ar aghaidh ag léiriú an mhargaidh mar atá.

Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí d'úsáideoirí a eascraíonn as na Cláir Chóineasaithe éagsúla:

- Soiléire agus tréadhearcacht: Conníonn comhthionscnamh chumarsáide geallsealbhóirí ar an eolas faoi dhul chun cinn trí fhaisnéis chomhaontaithe thráthúil a chur ar fáil.
- Cáilíocht agus inúsáidteach: rochtain éifeachtach éifeachtúil ar an gcosaint a thugtar le córais chlárúcháin ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal AE araoen.
- Deimhneacht dhlíthiúil: deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe mar gheall ar an gcomhsheasmhacht mhéadaithe a bhíonn ann maidir le ciintí a dhéantar ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal AE araoen.
- Coigiltí ama agus costais: laghduithe féideartha ar amanna próiseála iarratais agus coigiltí costais d'oifigí MI agus d'iarratasoirí araoen. Cur chun feidhme agus leanúnachas Cleachtas Comhchoiteann

I gcomhar le EUIPO, chríochnaigh an Oifig obair ar thionscadal Ríomhsheirbhísí sa bhliain 2016. Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal méadú a dhéanamh ar an raon táillí trádmharcanna agus dearthaí is féidir a foc ar líne. Fuair an Oifig tacáiocht ó EUIPO le haghaidh an tionscadail sin agus le haghaidh uirlísí TMview agus Designview a chothabháil. Ina theannta sin, bhain an Oifig leas, faoi chomhaontú déthaobhach le EUIPO, as cúnamh le freastal ar an gcostas a bhaineann le raon imeachtaí chun feasacht a ardú mar ar scaipeadh faisnéis faoin gCóras Trádmharc Comhphobail agus faoi Chórás Dearthaí an Chomhphobail. I gcomhar le Pleán Straitéiseach 2020 ó EUIPO a sheoladh, seoladh sraith nua Tionscadal Comhair i mí Mheán Fómhair 2016. Déantar ionadaíocht don Oifig ar an nGrúpa Oibre le haghaidh na dtionscadal sin. Táthar ag súil go ndéanfaidh na tionscadail forbairt ar an méid a baineadh amach faoin bPleán Straitéiseach roimhe a bhí i bhfeidhm idir an bhliain 2011 agus an bhliain 2015.

Láithreán greasáin agus foilseacháin na hOifige



Suíomh gréasáin Oifig na bPaitinní

Soláthraíonn an suíomh gréasáin (www.patentsoffice.ie) réamhrá ginearálta do mhaoin intleachtúil agus eolas sonrach ar conas do smaointe a chosaint agus tá rannán ann ar MI do ghnó. Áirítear ar an ábhar atá foilsithe ar an ngréasán tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe seo, réimse de leabhrán fhaisnéise MI, ráiteas reatha straitéise na hOifige agus plean gníomhaíochta seirbhís do chustaiméirí agus gach reachtaíocht phríomha agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna Oifig na bPaitinní. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil ar líne:

- Amharc ar na Cláir agus ar na Bunachair Shonraí agus iad a chuardach - paitinní, trádmharcanna agus dearthaí a lorg
- Cláir na gcomhlachtaí ceadúnúcháin chóipchirt a rochtain agus amharc orthu
- Cláir na ngníomhairí paitinne agus trádmhairc a rochtain agus amharc orthu
- Táillí athnuachana paitinne, trádmhairc nó dearaidh a íoc ar líne
- Táillí deonaithe paitinne agus táillí clárúcháin trádmhairc a íoc ar líne
- Amharc ar na cinntí ón gCeannasaí i gcásanna trádmhairc inter-partes
- Irisleabhar Oifig na bPaitinní a chuardach agus amharc air ar líne
- Trádmharcanna agus Dearthaí a chomhdú ar líne
- Amharc ar TMview agus ar Designview agus iad a chuardach
- Cúnamh maidir le haicmithe trádmhairc a roghnú agus TMclass á úsáid

Lean suíomh Gréasáin na hOifige de bheith ar an bpríomh-mhodh chun fainseáin maidir le MI a chur ar fáil don phobal mór. Bealach éifeachtúil chun raon de sheirbhís idirghníomhacha cuardaigh agus íocaíochta táillí ba ea an suíomh Gréasáin freisin. Tugadh uirlis nua anailísíochta suíomh Ghréasáin isteach sa bhliain 2016 chun figiúirí níos cruinne a fháil agus chun deireadh a chur le saobhadh féideartha a eascraíonn as “mianadóireacht sonrai” amhrasta agus as úsáid róbat. Bhí beagnach 20,000 cuairt ann ar an suíomh gach mí ar an meán agus bhí 234,000 cuairt san iomlán ann sa bhliain 2016. Bhí cuairteoirí nua freagrach as 59% de na cuairteanna sin. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, bhí na leathanaigh idirghníomhacha chlárúcháin ar líne ar na leathanaigh ba mhó amharc go fóill, agus níos mó ná 70,000 cuairt tugtha orthu sa bhliain 2016.

Cuireadh túis le mór-athdhearthadh a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin Oifig na bPaitinní sa bhliain 2016 ionas gur aige a bheidh na tréithe agus na riachtanais atá ag suíomhanna Gréasáin nua-aimseartha ó thaobh inúsáidteachta, inrochtaineachta, feidhmiúlachta, cur i láthair agus freagrúlachta de. Cuirfidh an méid sin ar fad feabhas ar shásamh agus ar úsáid araon i measc custaiméirí.

An tIrisleabhar Oifigiúil

Foilsítear an t-irisleabhar gach coicís ar an suíomh Gréasáin. Is i ngach eagrán den irisleabhar a bhíonn innéacs inchuardaithe agus fainseáin faoi ghníomhartha a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearthaí agus faoi chlárúcháin. Mar shampla, bítear in ann sonraí a fháil i ngach irisleabhar faoi thrádmharcanna agus faoi dhearthaí ar glacadh leo. Is san irisleabhar freisin a bhíonn sonraí faoi phaitinní a ndearnadh iarratas orthu, a foilsíodh agus a deonaíodh, lena n-áirítear paitinní a deonaíodh faoi Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus lena n-ainmnítear Éire iontu.

Cuimsítear san irisleabhar chomh maith fainseáin faoi nithe amhail fógraí oifigiúla, sonraí faoi mhodhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig na bPaitinní. Cuireadh saoráid idirghníomhach leis an irisleabhar ar líne sa bhliain 2012. Mar gheall ar an tsaoráid sin, tá úsáideoirí in ann an sliocht d'aon phaitinn, d'aon trádmharc nó d'aon dearadh ar leith sa Chláir a rochtain laistigh den irisleabharanois trí chliceáil ar hipearnasc laistigh den irisleabhar.

Eagrú, Struchtúr agus Pearsanra




Foireann ar Seirbhís

Foireann	Líon na bpost
Ceannasaí	1
Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne	1
Príomhoifigeach Cúnta	1
Scrúdaitheoir Paitinne	3
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	4
Oifigeach Riaracháin	1
Oifigeach Feidhmiúcháin	17
Oifigeach Foirne	1
Oifigeach Cléireachais	16
Oifigeach Seirbhísí	1
Iomlán	46


Áirítear leis na 46 bhall foirne 2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Riaracháin, 6 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 4 Oifigeach Cléireachais a bhain leas as scéim comhroinnta oibre, rud lena gceadaítear patrún éagsúla freastail. Bhain triúr ball foirne leas as scéim teilea-oibrithe, rud lena gceadaítear do bhaill foirne a gcuid dualgas a chomhlíonadh ón mbaile ar feadh cuid den tseachtain. B'ionann agus 42.35 post líon na bpost coibhéisí lánaimseartha san Oifig an 31 Nollaig 2016. Cuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaóchta seirbhísí teicneolaíocht faisnéise ar fáil don Oifig. Tá ceathrar ball foirne ann d'Aonad Teicneolaíochta Faisnéise na Roinne atá suite san Oifig.

.

Staidreamh Gnó - Paitinní



Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní
on tir den chéad iarratasóir



Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní faoi contae i 2016

IARRATAIS FAIGHTE		BLIAIN		PAITINNÍ DEONTA		
Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-théarma	IOMLÁN	Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-théarma	IOMLÁN	
118	203	321	2014	69	79	148
203	237	440	2015	48	78	126
149	138	287	2016	64	100	164

Ar an 31^ú Nollaig 2016, bhí 1,137 iarratas san iomlán ar feitheamh idir lámha. Díobh seo, bhí 192 iarratas ag fanacht go gcuirfí isteach fianaise ar nuagacht.


Fuarhas 202 iarratas ó iarratasóirí sa Stát i 2016 i gcomparáid le 250 i 2015.

Iarratais Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn

Bliain	Comhadaithe	Bliain	Comhadaithe	Bliain	Comhadaithe
1992	11,755	2001	103,659	2010	146,726
1993	35,762	2002	96,779	2011	141,373
1994	40,705	2003	104,529	2012	147,551
1995	44,161	2004	111,537	2013	147,487
1996	52,755	2005	117,096	2014	152,400
1997	41,875	2006	123,912	2015	160,028
1998	61,584	2007	129,890	2016	159,358
1999	65,708	2008	133,248		
2000	76,806	2009	128,378		

Níl iarratais Eorpacha le sainiú ar Éirinn (cuireadh an deis seo ar fáil don chéad uair i 1992) san áireamh sna cairteanna thusa ach seo thíos na figíúirí fana gcoinne. Iontráladh na paitinní seo i gClár Náisiúnta na bPaitinní. Tá an seasamh céanna dlíthiúil acu in Éirinn is a bheadh dá mbeidís deonta ag an Oifig-se.

Iarratais Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn



Paitinní a deonadh i 2016 a raibh feidhm leo sa Stát

2016	Iomlán	Líon na bpaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát	% de nan paitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag m'Oifig-se	164	77	47%
Deonta ag an OPE	90,305	360	0.40%
Iomlán Deonta	90,469	437	0.48%

Paitinní

	2014	2015	2016
Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar sannta	827	1,188	887
Paitinní cúlgairthe	0	0	0
Paitinní tugtha suas	2	1	2
Paitinní tite ar láir	54,914	55,035	61,306
Paitinní curtha ar ais	10	13	10
Paitinní athnuaithe	42,061	42,740	44,729
Paitinní éagtha	959	1,064	1,198
Paitinní i bhfeidhm	111,109	118,273	147,125
Éisteachtaí	0	0	1
Iarratais PCT a fuarthas le cur chuig EDMI	19	21	23
Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig OPE	0	1	4

Iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha

Fuarthas 66 iarratas san ionlán ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Deimhnithe Cosanta Forlíontacha), 1992 (móchaineach) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí). I rith na bliana, deonadh 68 deimhniú (cosaint móchaineach agus plandaí), diúltáodh do 5 iarratas agus tarraingíodh siar 2 iarratas. Ag deireadh na bliana bhí 207 iarratas ar feitheamh.

Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh na bliana 2016, bhí 82 duine aonair agus 7 comhpháirtíochtaí iontráilte i gClár na nGníomhairí Paitinne.

**AICMIÚ AR NA PAITINNÍ A DHEONAIGH AN OIFIG SA BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016 DAR LEIS AN
AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA PAITINNE (AIP)**

Nóta ar Aicmiú Paitinne


Déantar aicmiú ar phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil. Ceadaíonn aicmiú den chineál sin aisghabháil paitinní de réir nádúr na n-aireagán a nochtar iontu. Is é an tAicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP) an córas caighdeánach do rangú paitinne. Tá sé comhdhéanta de thart ar 70,000 siombal aicmithe roinnte ar 8 rannóg bunúsacha (A go H), a bhaineann le cineálacha difriúla bunúsacha teicneolaíochta. I 2015 bhí sé ina 11ú eagrán (Int. Cl. (2011)).

Tugtar cód aicmithe ar gach ní airtgeach i bpaitinn. Is féidir dhá aireagán nó níos mó a bheith i bpaitinn chomh fada is atá leorghaoil eatarthu; mar shampla, comheascán nua ceimice agus a úsáid mar mhíochaine nó mar luibhicíd, nó léasair nua agus a úsáid i máinliacht súl nó léamh sonraí. Dá réir sin, is féidir go dteastódh líon áirithe siombal aicmiúcháin lena n-ábhar ar fad a chlúdach. Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n-aicmí a leithdháileadh do phaitinní í 2016. Seasann gach rangú ar leith do ní airtgeach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airtgeacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga AIP.


AICMIÚ	An líon deonuithe san Aicmiú *
A. RIACHTANAIS DAONNA m.sh. Ábhair bia, Sláinte, Nithe Pearsanta.	54
B. FEIDHMIÚ OIBRÍOCHTAÍ; IOMPAR: m.sh. Teicneolaíocht múnlaithe, prioritála, feithiche.	82
C. CEIMIC; MIOTALÓIREACHT	5
D. TEICSTÍLÍ; PÁIPÉAR	2
E. TÓGÁIL SHEASTA: m.sh. Foirgníocht, druileáil, mianadóireacht.	44
F. INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL; SOILSIÚ; TÉAMH, ARMÁIN; PLÉASCADH	86
G. FISIC: m.sh. Optaic, ríomhaireacht, fisic núicléach.	24
H. LEICTREACHAS: m.sh. Ciorcaid leictreonacha, giniúint agus dáileadh leictreachais.	21

* Nóta:- Toisc gur féidir paitinn a dheontar a bheith aicmithe i níos mó ná réimse amháin teicneolaíochta, beidh líon na rangaithe ina mbeidh aireagán níos mó ná líon na bpaitinní a dheontar.

Aicmithe de réir Choidanna IPC do Phaitinní Deonaithe in 2016



Staidreamh Gnó - Trád Mharcanna



Iarratais Náisiúnta ar Thrádmharcanna faoi contae í 2016

Iarratais a Fuarthas	Iarratais Náisiúnta				BLIAIN	Clárúchán Idirnáisiúnta ina sainíodh Éire			
	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Dearáí cláraithe	Iarratais a Fuarthas		Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Cosanta	
2,523	2,013	53	1,684	2014	2014	1,058	974	11	1,084
2,654	2,198	72	1,860	2015	2015	1,180	945	5	879
2,694	2,246	91	1,894	2016	2016	891	865	7	888

Trádmharcanna

	2014	2015	2016
Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta	1,229	1,626	1,769
Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár	14	40	121
Clárúcháin Trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana	1,963	2,018	2,112
Clárúcháin trádmharc tugtha suas	10	3	25
Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais	19	4	5
Clárúcháin trádmharc athnuaithe	3,619	3,387	5,537
Trádmhairc Náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	5	4	7
Trádmhairc Idirnáisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	4	1	0
Trádmhairc Náisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	0	1
Trádmhairc Idirnáisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	0	0
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	61,423	61,266	60,944
Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm	22,260	21,305	20,946
Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm	83,683	82,571	81,890

Éisteachtaí agus Ilnithe

	2014	2015	2016
Éisteachtaí (<i>ex-partे</i>)	9	9	4
Éisteachtaí (<i>inter-partes</i>)	11	6	6
Eisteachtaí (<i>inter-partes ar mhodh aighneacht i scribhinn</i>) *	8	14	4
Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta	28	31	37
Iarratais idirnáisiúnta trádmhairc ina raibh Éire ina hOifig Tionscnaimh comhadaithe atá curtha chuig EDMI	82	83	62

*Léirítear san fhíor seo líon na n-imeachtaí idir na páirtithe a cinneadh bunaithe ar aighneachtaí i scribhinn in ionad bheith i láthair ag éisteacht.

Clár na nGníomhairí Trádmhairc


Ag deireadh na bliana 2016, bhí 211 duine aonair agus 5 compháirtíochtaí iontrálta ar an gClár.

**AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA AR EARRAÍ AGUS AR SHEIRBHÍSÍ INA GCUIRTEAR NA
MARCANNA A CLÁRAÍODH IN 2016**

Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear "Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna". Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earrái nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (an deichiú ceann) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2012.


Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme	Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme
1	Táirgí Ceimiceacha, srl.	30	24	Fíocháin (gréasáin), srl.	15
2	Péinteanna, srl.	17	25	Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir	146
3	Uillmhoidí Tuartha, srl.	79	26	Lásá agus Bróidnéireacht, srl.	7
4	Olaí Tionsclaíochta, srl.	22	27	Cairpéid, srl.	5
5	Substaintí Cógaisíochta, srl.	190	28	Cluichí, srl.	51
6	Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe	21	29	Feoil, lasc, Éineoil agus Géim, srl.	201
7	Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl.	28	30	Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl.	209
8	Uirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceanra, srl.	21	31	Táirgí Talmhaíochta, srl.	56
9	Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl.	257	32	Beoir, srl.	128
10	Uirlisí Máinliachta, srl.	24	33	Fíonta, Biotáille agus Licéir	96
11	Fearas Soilsithe	49	34	Tobac, srl.	10
12	Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce	28	35	Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl.	289
13	Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí	0	36	Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl.	127
14	Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl.	33	37	Tógál Foirgníochta, Deisiúchán, I Seirbhísí suiteála.	80
15	Uirlisí Ceoil (seachas meisíní cainte agus fearas raidió)	0	38	Teileachumarsáidí	94
16	Páipéar, srl.	177	39	Iompar, Pacáistíu agus Stóráil Earraí, srl.	90
17	Guma Peirc, Cútiúc, srl.	13	40	Cóiriú Ábhar	22
18	Leathar, srl.	38	41	Oideachas, Siamsaíocht, srl.	329
19	Ábhair Thógála, srl.	31	42	Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta	145
20	Troscán, Srl.	41	43	Soláthar bia agus dí	179
21	Acraí Beaga Tí, srl.	47	44	Seirbhísí míochaine, srl.	126
22	Rópaí, srl.	3	45	Seirbhísí pearsanta agus sóisialta	72
23	Snáitheanna	0			

Staidreamh Gnó - Dearáí



Iarratais Náisiúnta ar Dhearaí faoi contae í 2016

Iarratais Náisiúnta Dearáí on thír den chéad iarratasóir



	2014	2015	2016
Iarratais ar Dhearaí*	54	49	80
Líon na ndearaí iarrtha*	139	178	181
Dearáí cláraithe	138	149	116
Dearáí tite ar lár	82	53	90
Dearáí athnuaithe (Acht 2001)	43	79	30
Dearáí athnuaithe (Acht 2001)	214	100	4
Dearáí i bhfeidhm (Acht 2001)	1,000	1,066	1,134
Iarratais Chomhphobail comhadaithe trí Oifig na bPaitinní agus a cuireadh ar aghaidh chuig an Oifig um OCMI	5	1	2

*Nóta - Déanann Rial 19 de Rialachán um Dheارadh Tionsclaíoch 2002 soláthar gur féidir 2 dheارadh nó níos mó faoi réir ag uaslón de 100 dearadh a bheith comhcheangailte in aon iarratas amháin ar chlárú dearáí.

**DEARAÍ A CLÁRAÍODH FAOI ACHT DEARADH TIONSCLAÍOCH, 2001 I GCAITHEAMH NA BLIANA DAR
CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016**

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear "Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearaí Tionsclaíocha" córas aicmiúcháin do dhearaí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearáí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarrann An Eagraíocht Domhanda um Maoín Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (an deichiú ceann) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2014. Beidh sé ar siúl go dtí an 31 Nollaig 2018.

Rang	Aicmiúchán	Dearáí Cláraithe
1	Ábhair Bia	0
2	Baill éadaigh agus Mionéadaí	0
3	Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile	7
4	Earraí scuaibé	0
5	Earraí Gréasán Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha	0
6	Feistis	20
7	Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	1
8	Uirlísí agus Crua-earraí	4
9	Pacáistí agus Gabhdáin d'lompar nó do Láimhseáil Earraí	10
10	Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta	9
11	Earraí Maisiúcháin	32
12	Modhanna lompair nó Árdaithe	2
13	Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais	1
14	Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise	5
15	Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
16	Gaireas Fótografaíochta, Cineamatografaíochta agus Optaice	3
17	Uirlísí Ceoil	0
18	Meaisíní Priontála agus Oifige	0
19	Stáiseanóireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoiréachta	0
20	Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí	0
21	Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt	29
22	Airm, Earraí Piorthéicniúla, Earraí chun Fiaigh, lascaireachta agus Marú Lotnaidí	0
23	Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach	1
24	Trealamh Míochaine agus Saotharlainne	3
25	Aonaid Foirgníochta agus Eilimíntí Tógála	5
26	Fearas Soilsithe	0
27	Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac	0
28	Tárgí Cógaisíochta agus Cosmáide, Earraí agus Fearas Maisiúcháin	0
29	Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála	1
30	Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhíthe	1
31	Meaisíní agus Fearas Ullmhúchán Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
32	Siombalachá Grafaíochta agus Comharthaí, Patrún Dreacha, Ornadaíochta	8
	IOMLÁN	144

*Is féidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearáí sna ranganna líon na ndearáí atá cláraithe.

Cóipcheart

Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

Díospoidí idir daoine atá ag seimh taifeadtaí fuaime go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá ar marthain sna taifeadtaí maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha le húinéir an chóipchirt, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 38 den Acht. Díospoidí idir daoine nó eagraíochtaí a dteastaíonn ceadúnás uathu faoi scéim atá i bhfeidhm agus oibreoir na scéime sin maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 152 den Acht. Faoi láthair, tá díospoid amháin á breithniú ag an gCeannasaí faoi alt 38.

Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt

Déantar foráil leis an Acht freisin do na Cláir seo a leanas a bheith á mbunú agus á gcoinneáil ar bun ag an gCeannasaí.

- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí.

Chláraigh 14 chomhlacht i gClár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt. Chuaigh dhá cheann de na clárúcháin sin as feidhm agus níor athnuadh iad ina dhiaidh sin. Tá comhlacht amháin cláraithe i gClár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí. Níl comhlachtaí ar bith cláraithe i gClár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.

Comhbhainistíocht Ceart

Le Rialachán an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), trasuíodh an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart isteach i ndí na hÉireann le héifeacht ón 10 Aibreán 2016. Tá dhá aidhm ag an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart:

- (1) a chinniú go ngníomhaíonn eagraíochtaí comhbhainistíocha le leas a n-úinéirí ceart trí íoschaighdeán rialachais agus tréadhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le gach eagraíocht comhbhainistíocha Eorpach
- (2) cabhrú le ceadúnú ilchríochach chearta na n-údar i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar líne

Foráiltear leis na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart gurb é an Ceannasaí an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Anuas ar chomhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, lena gceanglaítear ar eagraíocht comhbhainistíocha clárú agus a clárúchán mar chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt a choinneáil ar bun sula bhféadann sí feidhmiú sa Stát, foráiltear leis na Rialacháin freisin nach mór do na heagraíochtaí comhbhainistíocha go léir a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn ráiteas bliantúil comhlíonta a chur faoi bhráid an Cheannasaí, in éineacht le hathnuachan a ndoiciméad clárúcháin. Tá mion-nótaí treorach faoi na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart agus faoi na ceanglaíochtaí comhlíonta ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige. Tá feidhm ag na ceanglaíochtaí comhlíonta sna Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart maidir le 6 cinn de na 14 chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt cláraithe atá ag feidhmiú sa Stát.

Saothair Dhílleachtacha

Is é is Saothair Dhílleachtacha ann ná saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile a chosnaítear le cóipcheart sa chás nach féidir úinéir na saothar a fháil ná teagmháil a dhéanamh leis chun cead a fháil na saothair a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh na saothair sin mar chuid de bhailíúcháin atá i seilbh Eagraíochtaí Tairbhíocha amhail leabharlanna, músaem, cartlanna, institiúidí oidhreachta scannáin agus fuaime, agus eagraíochtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí. Leagtar amach i dTreoir AE um Shaothair Dhílleachtacha (Treoir 2012/28/AE) rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid a bheith á baint ag eagraíochtaí cultúrtha as saothair dhílleachtacha i leabhar, in irisleabhair nó i saothair scríofa eile, mar aon le saothair chineamatagrafaíochta nó chlosamhairc nó taifeadtaí fuaime agus amharcealaín leabaithe (seachas saothair ealaíonta aonair amhail grianghraif agus léaráidí), sa chás go bhfuil sé mar aidhm leis an eagraíocht chultúrtha saothair den sórt sin a dhigitíu chun críocha neamhthráchtála gan cóipcheart a shárú. Ta eis dí cuardach dícheallach a dhéanamh chun úinéireacht an tsaothair/na saothar nó cineál dílleachtach an tsaothair/na saothar a dhéanamh amach, ní mór d'aon eagraíocht ar mian léi Saothar Dílleachtach a chlárú i mBunachar Sonraí na Saothar Dílleachtach iarratas ar líne a dhéanamh ar dtús chun bheith cláraithe mar "Eagraíocht Thairbhíoch". Is don Údarás Inniúil Náisiúnta atá ainmnithe i ngach Ballstát a thugtar fógra faoin iarratas ar líne sin. Cuirfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta an t-iarratas ar aghaidh chuig EUIPO ansin lena chur ar áireamh i mBunachar Sonraí na Saothar Dílleachtach. Is é an Ceannasaí Paitinní, Dearthá agus Trádmharcanna an tÚdarás Inniúil Náisiúnta in Éirinn. Cláraíodh trí éagraíocht Éireannacha mar Eagraíochta Tairbhíocha le linn na blain 2016.

REACHTAÍOCHT

Is ar Aonad Maoine Intleachtúla na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá an fhreagracht uileghabhálach as beartas agus as reachtaíocht a bhaineann le maoin intleachtúil a ullmhú.

Reachtaíocht 2016

Trádmharcanna

Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 46 de 2016)

Leagtar síos le Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú), 1996, na nósanna imeachta atá bainteach le Gníomhairí Trádmharcanna a chlárú de bhun Chuid V d'Acht na dTrádmharcanna, 1996. Éascaítear leis na Rialacha sin clárú a dhéanamh ar ghníomhairí trádmharcanna LEE ar mian leo bunaíocht thánaisteach a chur ar bun in Éirinn.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gníomhairí Trádmharcanna), 2016 (I.R. Uimh. 47 de 2016)

Leis na Rialacháin sin, a rinneadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, leasaítear forálacha áirithe d'Acht na dTrádmharcanna, 1996, a bhaineann leis na critéir le haghaidh iontráil i gclár na ngníomhairí trádmharcanna.

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gníomhairí Trádmharcanna), 2016, leasaítear ailt 85, 86 agus 90 d'Acht na dTrádmharcanna, 1996. Tríd sin, baintear srianta foirme dlíthiúla agus scairshealbhóireachta ar ghníomhairí trádmharcanna de chuid LEE. Éascaítear leis na Rialacháin sin clárú a dhéanamh ar chomhpháirtiochtaí agus ar chuideachtaí gníomhairí trádmharcanna AE ar mian leo bunaíocht thánaisteach a chur ar bun in Éirinn.

Cóipcheart

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016)

Leis na Rialacháin, a rinneadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, trasuitear Treoir 2014/26/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014. Leis na Rialacháin, forchuirtear ceanglais rialachais ar eagraíochtaí comhbhainistíocha atá ar bun sa Stát agus, ar leithligh ó na ceanglais sin, ceadaítear dóibh tabhairt chlárú ar bhonn ilchríche ar fud an Aontais Eorpaigh.

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE) (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 616 de 2016)

Leis na Rialacháin seo, a rinneadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, leasaítear Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), a achtaíodh chun Treoir 2014/26/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 a thrasúí. Leis na Rialacháin, déantar leasú teicniúil ar na Rialacháin roimhe. Tá gá leis an leasú chun a chinntíú nach bhfuil aon choinbhleacht ann idir na dualgais ar Stiúrthóir cuideachta a bhainistiú faoi Acht na Gcuideachtaí, 2014, agus an ceanglas a leagtar le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016, ar eagraíocht Comhbhainistíocha Ceart feidhm mhaoirseachta a chur ar bun nach gcuimsíonn na daoine sin a bhfuil baint acu le bainistiúchta laethúil na heagraíochta comhbhainistíocha ceart.

Faisnéis Airgeadais

FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS 2016 (Níl cuntas iniúchta fós ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)

FÁLTAIS	€000
Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2)	6,195
Táillí Trádmhairc	2,188
Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó EDMI (Nóta 3)	752
Táillí Dearaidh	11
Táillí eile	126
Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad	112
Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártáí creidmheasa	90
Fáltais ghlan fabhraithe don Státhiste	9,070

COSTAIS	€000
Tuarastail	1,935
Taisteal & Cothabháil	44
Ilinthe & Focostais	67
Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	131
Meaisní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige	366
Costais Áitreabhdh Oifige	88
Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl.	1
Síntíús do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha	434
Iomlán	3,066

Nóta 1:

Ag teacht leis an gCoinbhinsiún don Phaitinn Eorpach, ina bhfuil Éire rannpháirteach, tá ar Oifig na bPaitinní 50% de na táillí uile athnuachana a fhaightear i leith Paitinní Eorpacha a ndearnathas bailí orthu in Éirinn agus atá iontrálte ar chlár náisiúnta na bpaitinní, a chur chuig Oifig Paitinní na hEorpa (OPE).

	€000
Táillí Paitinne	11,825
Lúide an cion de na táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha	5,630
Táillí Paitinne glan fabhraithe don Státhiste	6,195

Nóta 2:

Feidhmíonn Oifig na bPaitinní mar Oifig fháltas d'íarratais ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilfacht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um Maoín Intleachtúil araoen. Ní fhabhraíonn na táillí do Státhiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltas glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an OPE agus an EDMI i rith 2015:

	€000
Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig EDMI, an Ghinéiv.	31
Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig OPE Munich.	41
Iomlán	72

Nóta 3:

De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith iarratas Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoín Intleachtúil (EDMI).

SPRIOCANNA FEIDHMIÚCHÁIN 2016

Tá na bPaitinní Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na hOifige bunaithe ar na Prionsabail um Sheirbhís do Chustaiméirí Dhéag Ardchaighdeáin leagtha amach i "Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí an Rialtais Thionscnamh" agus leagtar amach na gníomhartha a bheidh éifeacht do na prionsabail a thabhairt. Tá na spriocanna seirbhísí custaiméirí san áireamh sa phlean seo.

Réimhse Gníomhaíochta agus Leibhéal Bainte Amach

Paitinní					
1.	Admhálacha foirmeálta a eisiúint ar chomhadú iarrataisí foirfeacha laistigh de 5 lá oibre.	79 %	7.	Iarrataisí Eorpacha agus PCT agus sonraí bainteach leo a thraschur go dtí OPE/EDMI laistigh de 5 lá oibre ó fhaightear iad.	100%
2.	Cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid phaitinne a eisiúint laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh iarraidh a fháil ar a leithéid.	100%	8.	Deonú paitinní gearrthréimhseacha a cheadú laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis d'iarratas cuí iomlán a bheith comhdaithe.	57%
3.	Eisiúint na dteastas athnuachan paitinne laistigh de 3 lá oibre i ndiaidh fáil na híochaíochta.	100%	9.	Tar éis gach doiciméad riachtanach agus freagraí ar agóidí oifigiúla a fháil a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, cinneadh a ghlacadh maidir le paitinn a dheonú nó a dhiúltú laistigh de dhá mhí.	96%
4.	Iarratais ar chlárú sannaithe a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe go hiomlán agus i gceart a bheith tagtha isteach.	100%	10.	A chinntí go n-eisítear fógra i dtaobh fabhtaí foirmeálta laistigh de 15 lá oibre tar éis comhdaithe.	92%
5.	Dearbhú a eisiúint go bhfuil iarratais ar leasuithe ar chlár na bpaitinní maidir le hainmneacha agus seoltaí iarratasóirí, úinéirí agus gníomhairí paitinne agus seoladh na seirbhise taifeadta laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe i gceart a fháil.	100%	11.	Fógra maidir le lochtanna substainteacha a eisiúint laistigh de 2 mhí ón gcomhdúchán.	97%
6.	Paitinní a dheonadh laistigh de 3 lá oibre ó fháil na táille deonaithe.	96%	12.	90% de na hiarratais neamhrannóige ar fad ar phaitinní a aicmiú lena bhfoilsíú laistigh de 18 mhí tar éis an dáta comhdúcháin tosaíochta.	37%

Deimhnithe Cosanta Forlíontacha

1.	Fógra ar mháchailí foirmeálta a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhadaithe.	100%	2.	Admhála a eisiúint ar iarrataisí foirfeacha DFC ceartchomhdaithe laistigh de 5 lá oibre.	94%
----	---	------	----	--	-----

Dearaí

1.	Admhálacha foirmeálta comhdaithe a eisiúint laistigh de 5 lá oibre ar iarratais ar dhearaí atá comhlánaithe i gceart.	84%	4.	Deimhnithe athnuachana dearaidh a eisiúint laistigh de 3 lá oibre tar éis an íochaíocht a fháil.	100%
2.	Litir tosaigh agóidí / litir glactha a eisiúint laistigh de 12 sheachtain tar éis an t-iarratas a fháil.	100%	5.	Deimhnithe clárúcháin dearhtai a eisiúint laistigh de 5 lá oibre tar éis don rannóg scrúdaithe an t-iarratas a ghlacadh.	100%
3.	Freagra a thabhairt ar 95% de na chomhfhreagras ar iarratais aonair faoi scrúdú laistigh de 5 seachtaíne.	100%			

Réimhse Gníomhaíochta agus Leibhéal Bainte Amach

Trádmharcanna

1.	Admhálacha foirmeálta a eisiúint ar iarratais ar thrádmharcanna atá comhlánaithe i gceart laistigh de 7 lá oibre.	89%	9.	Cóip d'fhógra ar agóid, iarratas ar aisghairm mar gheall ar neamhúsáid, nó dearbhú neamhbhailíochta a eisiúint chuig gach páirtí bainteach leis an chas taobh istigh de 2 seachtain ó fhaightear iad.	100%
2.	Iarratais ar shannadh a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe go hiomlán a fháil.	100%	10.	Sa chás go gcinntear an freasúra i bhfabhar an iarratasóra, iarratas ar íocaíocht táillí clárúcháin a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ó tharraingt siar an fhreasúra a fhoiliú.	100%
3.	Cóipeanna deimhnithe agus sleachta as Clár na dTrádmharc a eisiúint laistigh de 5 lá tar éis an iarratais.	100%	11.	Freagra a thabhairt ar iarrataí aonair ar shíneadh ama roimh an sprioc ama reatha, i gcás go ndéantar na hiarrataí sin tráth nach déanaí ná 2 sheachtain roimh dhul in éag na sprice ama reatha.	100%
4.	Deimhnithe athnuachana ar thrádmhairc a chur amach laistigh de 3 lá oibre tar éis an íocaíocht a fháil.	100%	12.	Trádmharcanna a chlárú laistigh de 3 lá oibre tar éis an táille clárúcháin.	99%
5.	Dearbhú a eisiúint go bhfuil taifeadadh déanta ar iarratais ar leasuithe ar Chlár na dTrádmharcanna i ndáil le hainmneacha agus seoltaí úinéirí agus gníomhairí trádmharcanna agus seoladh na seirbhíse laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe i gceart a fháil.	100%	13.	Eisiúint 80% de ráiteas scríofa ar na forais do chinntí in éisteachtaí laistigh de 2 mhí tar éis iarratas céanna.	100%
6.	Glacadh le hiarratais ar thrádmharcanna laistigh de thréimse 2 mhí ó chomhdú iarratas atá comhlánaithe go cuí agus i gcás go bhfuil agus nach ndearnadh agóid ag an Oifig.	100%	14.	Eisiúint 90% de chinntí in éisteachtaí laistigh de 1 mhí ón éisteacht	100%
7.	Litir tosaigh agóidí/glactha a eisiúint laistigh de 8 sheachtain tar éis iarratas nua a fháil sa Rannóg.	95%	15.	Iarratas ar íocaíocht táillí clárúcháin a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ó dheireadh na tréimhse inar féidir achomharc a chomhdú sa chás nach bhfuarthas aon fhreasúra.	100%
8.	Freagra a thabhairt ar 95% den chomhfhareagras ar iarratais indibhidiúla (freasúra, cúlghairm agus easláinte) laistigh de 2 seachtaine.	100%			

Ginearálta

Admhálacha íocaíochta a eisiúint laistigh de 2 lá oibre ar gach táille (i bhfoirm seice, dréacht bainc nó órdú airgid) a fuarthas.	100%
--	------

Ríomhchomhdúchán Paitinní ag us Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (DFCanna)

Leanfaidh an Oifig ar aghaidh sa bhliain 2017 le córas ríomhchomhdúcháin a fhorbairt d'íarratais ar Phaitinní agus ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta (DFCanna). Beidh an córas sin ina shaoráid is féidir le custaiméirí na hOifige a úsáid chun a n-iarratas ar Phaitinní nó ar DFCanna a chomhdú ar líne agus chun an táille iarratas a íoc ar líne. Comhlíonfaidh an méid sin moladh a rinneadh i dTuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta, is é sin, gur cheart don Oifig saoráidí comhdúcháin ar líne a chur ar fáil atá chomh maith leo sin atá i bhfeidhm ag Oifigí eile agus atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Suíomh Gréasáin Oifig na bPaitinní

Tá a shuíomh Gréasáin á athdhearradh ag an Oifig faoi láthair. Cuireadh túis leis an obair sa bhliain 2016 agus meastar go seolfar an suíomh Gréasáin nua níos moille sa bhliain 2017. Leis an suíomh Gréasáin nua, taigrfear tuilleadh solúbthachta i dtaca le seirbhísí ar líne, lena n-áirítear íocaíochtaí ar líne. Chomh maith leis sin, tabharfar tuilleadh faisnéise ann do chustaiméirí na hOifige ar bhealach a bheidh soiléir agus áisiúil don úsáideoir.

An Bosca Forbartha Eolais

Ba leis an Acht Airgeadais 2015 a tugadh an Bosca Forbartha Eolais isteach. Is uirlis beartais dreasachta cánach é. Tá sé mar aidhm leis an nuálaíocht a spreagadh trí ráta níos ísle cánach corporáide a ghéarradh ar bhrabús ar Shócmhainní Maoine Intleachtúla a thagann as gníomhaíochtaí cálitheacha taighde agus forbartha a dtugtar fúthu sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Foráltear leis an mBosca Forbartha Eolais go mbeidh ráta laghdaithe cánach corporáide (6.25% seachas 12.5%) iníocha ar bhrabús a thagann as sócmhainní cálitheacha maoine intleachtúla.

Sainmhínítear sócmhainní cálitheacha maoine intleachtúla mar seo a leanas chun críocha an Bhosca Forbartha Eolais:

- paitinní fadtéarmacha Éireannacha a dheonaítear tar éis scrúdú substainteach
- bogearraí atá faoi chóipcheart, agus
- aireagáin inphaitinnithe de chuid cuideachtaí beaga i gcás nár paitinníodh iad go fóill agus gur coinníodh iad faoi rún.

San am i láthair, ní choinníonn Oifig na bPaitinní aon chóras scrúdúithe substainteacha ar bun le haghaidh paitinní fadtéarmacha. Chun a chinntí go mbeidh paitinní fadtéarmacha Éireannacha incháilithe don Bhosca Forbartha Eolais, leasófar Acht na bPaitinní, 1992, chun scrúdú substainteach a thabhairt isteach le haghaidh iarratas ar phaitinní fadtéarmacha Éireannacha. Sócmhainní maoine intleachtúla de chuid cuideachtaí beaga ar aireagáin iad atá cosúil le paitinní - i.e. aireagáin atá neamhfholasach, úsáideach agus úrnua - d'fhéadfadh go mbeidís incháilithe don Bhosca Forbartha Eolais. Chun críocha an Bhosca Forbartha Eolais, sainmhínítear cuideachta bheag mar chuideachta a bhfuil ioncam níos lú ná €7.5m gnóthaithe aici as maoín intleachtúil i dtréimhse chuntasaíochta 12 mhí agus mar chuideachta atá ina ball de ghrúpa a bhfuil láimhdeachas níos lú ná €50m aige, i gcás go bhfuil an chuideachta ina micreachuideachta, ina cuideachta bheag nó ina cuideachta mheánmhéide de réir bhrí na hlarscívhithe a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003. I gcomhréir leis na critéir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), ceanglaítear leis an Acht Airgeadais, 2015, go ndéanfaidh údarás atá neamhspleách ar an gcóras riarrachán chánach, i.e. údarás atá neamhspleách ar na Coimisinéirí loncaim, úrnuacht agus neamhfholasacht a dheimhniú don chatagóir sin de shócmhainn maoine intleachtúla. Dá réir sin, tugadh Bille dar teideal "An Bille um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán)" isteach. Nuair a achtófar an Bille, tabharfar de chumhacht don Cheannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna an deimhniú riachtanach a sholáthar. Foráltear leis an mBille freisin do scrúdú substainteach ar phaitinní a thabhairt isteach an athuair trí leasuithe a dhéanamh ar Acht na bPaitinní, 1992. Meastar go n-achtófar an Bille go luath sa bhliain 2017.

IRDG Bosca Forbartha Eolais 2016



Déan teagmháil linn

Oifig na bPaitinní
Oifigí an Rialtais
Bóthar Hebron
Cill Chainnigh
Éire R95 H4XC

Fón (00353) 56 7720111

LoCall Fón 1890 220223 (lastigh d'Eireann)

Faics (00353) 56 7720100

Lo Call Faics 1890 220120 (lastigh d'Eireann)

r-phost patlib@patentsoffice.ie

Idirlín www.patentsoffice.ie

Uaireanta oscailte

9:30-5pm Dé Luain-Dé hAoine

